An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0038/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Meánscoileanna Aitheanta,
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha
agus chuig Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Ag Dul ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2022 Cur i bhFeidhm na Margála Earnála, le héifeacht ón 1 Feabhra 2022 – Íocaíocht Liúntais MGO/Ard-Dioplóma le múinteoirí iar-bhunscoile ar an Scála Pá do Mhúinteoirí roimh 2011

1. Is mian leis an Aire Oideachais Údaráis Bainistíochta agus Múinteoirí Iar-bhunscoile a chur ar an eolas maidir le cur i bhfeidhm athruithe breise a bhfuil le déanamh ar liúntais ar leith do mhúinteoirí iar-bhunscoile atá i bpoist maoinithe ag an Oireachtas, ina measc siúd múinteoirí atá ag obair i suíomhanna seachas iar-bhunscoileanna (m.sh. suíomhanna breisoideachais/scoileanna speisialta a chuireann an chomhpháirt iar-bhunscoile ar fáil) le héifeacht ón 1 Feabhra 2022.

2. Forálann Ag Dul ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2022 méadú 1% nó a chomhionann ar bhunthuarastail bhliantúlaithe a d'fhéadfaí a úsáid mar Chiste Margála Earnála nó mar mhéadú ar phá ginearálta le héifeacht ón 1 Feabhra 2022.

3. Roghnaigh na ceardchumainn iar-bhunscoile úsáid a bhaint as an gCiste Margála Earnála chun líon éileamh nó dámhachtainí laistigh de théarmaí an chiste agus laistigh de theorainn mhaoinithe an Státchiste atá i bhfeidhm.

4. I gCiorclán 0059/2022, a eisíodh i mí Mheán Fómhair 2022, leagadh amach na torthaí comhaontaithe leis na ceardchumainn iar-bhunscoile maidir leis an gCiste Margála Earnála chun éileamh a réiteach le haghaidh na híocaíochta don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO)/Ard-Dioplóma san Oideachas (H. Dip) do mhúinteoirí áirithe ar iontrálaithe nua iad (i.e. múinteoirí a d'imigh isteach sa tseirbhís ar an nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2011).

5. Sa chiorclán seo, leagtar amach an toradh comhaontaithe maidir le híocaíocht an Liúntais don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO)/Ard-Dioplóma san Oideachas (Ard-Diop. san Oid.) nó don cháilíocht choibhéiseach atá inghlactha do mhúinteoirí arb é an dáta a bhí siad cáilithe don tseirbhís teagaisc den chéad uair ná idir an 5ú Nollaig 2011 agus an 28ú Aibreán 2013 i rith an phróisis leis an liúntas don MGO/Ard-Diop. san Oid. a scor ar an 1 Feabhra 2012 agus a ceapadh ar an pá scála a bhí ann cheana féin roimh 2011.

6. Baineann an socrú seo le múinteoirí iar-bhunscoile agus breisoideachais amháin a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus atá cláraithe go hiomchuí, lena n-áirítear múinteoirí atá ag obair i suíomhanna seachas iar-bhunscoileanna (m.sh. suíomhanna breisoideachais). Ní bhaineann sé le múinteoirí bunscoile.

7. Eiseofar ciorcláin eile in am agus i dtráth a thabharfaidh léargas ar an toradh comhaontaithe maidir le haon éilimh nó dámhachtainí atá fós le réiteach, agus déileálfar leo sin de réir fhorálacha an Chiste Mhargála Earnála san earnáil iar-bhunscoile.

## Íocaíocht an Liúntais

8. Is é an t-athrú atá le cur i bhfeidhm, faoin gciorclán seo, ná íocaíocht an Liúntais don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO)/Ard-Dioplóma san Oideachas (Ard-Diop. san Oid.) do mhúinteoirí incháilithe.

9. Ionas nach mbeidh aon amhras ann agus chun críocha an chiorcláin seo, is é atá i gceist le múinteoirí incháilithe ná iad siúd a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus atá cláraithe le Bealach 2 múinteoirí iar-bhunscoile agus le Bealach 3 múinteoirí breisoideachais:

   a. A ceapadh i bpost múinteoireachta atá maoinithe ag an Oireachtas roimh an 1ú Eanáir 2011 agus
      - Arb é arb é an dáta a bhí an tseirbhís teagaisc den chéad uair acu ná idir an 5ú Nollaig 2011 agus an 28ú Aibreán 2013 agus
      - a ceapadh ar an scála pá a bhí ann cheana féin roimh 2011 agus
      - a bhfuil Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) nó a comhionann (mar atá leagtha amach in Aguisín 1) acu, agus
      - nach íoctar an Liúntas don MGO/Ard-Diop. san Oid. leo faoi láthair mar go raibh siad faoi réir uasluach liúntas na bunchéime onóracha.

   NÓ

   b. A ceapadh den chéad uair idir an 1ú Eanáir 2011 agus an 31ú Eanáir 2012 agus
      - Arb é arb é an dáta a bhí an tseirbhís teagaisc den chéad uair acu ná idir an 5ú Nollaig 2011 agus an 28ú Aibreán 2013 agus
      - a ceapadh ar an scála pá a bhí ann cheana féin roimh 2011 mar go raibh seirbhís teagaisc neamhcháilithe acu roimhe sin agus
      - a bhfuil Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) nó a comhionann (mar atá leagtha amach in Aguisín 1) acu, agus
      - nach n-íoctar an Liúntas don MGO/Ard-Diop. san Oid. leo faoi láthair mar go raibh siad faoi réir uasluach liúntas na bunchéime onóracha.

10. Baineann an ciorclán seo le múinteoirí incháilithe atá ag teagasc in iar-bhunscoileanna nó i suíomhanna faofa eile lena n-áirítear suíomhanna Breisoideachais (SDGO, TFAO, IAT srl.), Ionaid Oideachais agus Scoileanna Speisialta a bhfuil comhpháirt Iar-bhunscoile acu agus atá íoctha faoi láthair ar an scála pá roimh 2011.

11. Do mhúinteoirí den sórt sin atá ag teagasc in iar-bhunscoileanna, i suíomhanna breisoideachais nó i suíomhanna faofa eile, beidh íocaíocht an Liúntais don MGO/Ard-Diop. san Oid. bunaithe ar an bpróiseas iarratais.

12. Cuirfear athruithe an phárolla a bhí riachtanach mar gheall ar an gCiorclán seo i bhfeidhm ar dháta a luaithe agus is féidir le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Feabhra 2022 agus beidh an ráta infheidhme bunaithe ar an leibhéal cáilíochta atá bainte amach mar atá leagtha amach sa tábla thíos.

| Liúntas Ard-Diop./MGO d'iontrálaithe roimh 2011 amháin | Ráta le héifeacht ón 1 Feabh 2022 | Ráta le héifeacht ón 2 Feabh 2022 | Ráta le héifeacht ón 1 DF 2022 | Ráta le héifeacht ón 1 Már 2023 |
|---|---|---|---|---|
| (a) Ard-Diop. san Oid. (Pas) | €628 | €647 | €653 | €666 |
| (b) Ard-Diop. san Oid. (1ú nó 2ú hOnóracha) | €1,314 | €1,353 | €1,367 | €1,394 |

13. Ionas nach mbeidh aon amhras ann, tá na scálaí tuarastail reatha, liúntais agus rátaí páirtaimseartha do mhúinteoirí atá leagtha amach i gCiorclán 0007/2023 fós i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Márta 2023 agus ní dhéantar iad a athrú de bharr théarmaí an Chiorcláin seo.

## Iarratais ar Liúntais Cáilíochta a Chur Isteach

14. **Níor** chóir iarratas a dhéanamh mura gcomhlíonann múinteoir na riachtanais incháilithe mar atá leagtha amach ag uimhir 9.

15. Ní mór na hiarratais a chur isteach ar an bhfoirm fhorordaithe ábhartha TSNA-QA2, mar atá leagtha amach in Aguisín 2 ina bhfuil na doiciméid tacaíochta. Ní íocfar an liúntas go dtí go gcuirtear an fhoirm ar ais chuig na seoltaí atá curtha ar fáil thíos agus go dtí go ndéantar measúnú uirthi.

16. Tá an fhreagracht ar an múinteoir atá i gceist na doiciméid riachtanacha a chur ar fáil mar thacaíocht dá (h)iarratas.

17. Ba chóir iarratais do mhúinteoirí ar phárolla Iar-bhunscoile na Roinne Oideachais a chur ar aghaidh go dtí Rannóg Téarmaí agus Coinníollacha Múinteoirí/CRS, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Ba chóir iarratais do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile agus Breisoideachais de chuid BOO a chur ar aghaidh go dtí an Roinn AD ábhartha den BOO.

18. Áit a gcuirtear iarratais sa phost díreach chuig an seoladh atá curtha ar fáil, ba chóir don mhúinteoir cruthúnas postais deimnithe a choinneáil.

19. Is é an dáta deiridh le hiarratais ar liúntais cáilíochta a fháil ná an 29ú Márta 2024. Ní dhéanfar aon iarratas déanach a fhaigheann an Roinn/BOO tar éis an 29ú Márta 2024 a phróiseáil agus cuirfear é ar ais go dtí an seoltóir. Ní bheidh aon eisceachtaí ann maidir leis an soláthar seo.

## Scaipeadh

20. Cinntigh go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go ndírítear aird na múinteoirí uile atá fostaithe agat ar an méid atá ann agus iad siúd atá ar shaoire neamhláithreachta san áireamh.

21. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi [https://www.gov.ie/ga/ciorclain/](https://www.gov.ie/ga/ciorclain/)

| | |
|---|---|
| Mark Bohan | James Walsh |
| Caidreamh Foirne Seachtrach | Aonad Téarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRSanna |
| 28ú Lúnasa 2023 | |

## Aguisín 1 – Liúntais Oiliúna do Mhúinteoirí (Iar-bhunscoil amháin) agus Rátaí

**Liúntais Oiliúna do Mhúinteoirí (do mhúinteoirí ar an bPáscála roimh 2011 amháin)**

| Cáilíocht Oiliúna Múinteora | Toradh | Liúntas |
|---|---|---|
| Ard-Dioplóma san Oideachas / dioplóma iarchéime san Oideachas[1] | Pas | Liúntas don Ard-Dioplóma san Oideachas (Pas). |
| Ard-Dioplóma san Oideachas / dioplóma iarchéime san Oideachas[1] | Onóracha den Chéad Ghrád/den Dara Grád | Liúntas don Ard-Dioplóma san Oideachas (Onóracha).<br><br>Má tá an dá cháilíocht i gceist níl ach liúntas amháin iníoctha |
| Céim chomhreathach[2]<br>**A mhair 4 bliana amháin**<br>(ní thuilltear liúntas don Ard-Diop. le céimeanna comhreathacha 3 bliana)<br><br>Is é céim chomhreathach céim ina gcuimsítear an ghné oiliúna múinteora | Onóracha den Chéad Ghrád/den Dara Grád | Liúntas don Ard-Dioplóma san Oideachas (Onóracha) |
| Céim chomhreathach<br>(a mhaireann 4 bliana) | Onóracha den 3ú Grád nó Pas | Liúntas don Ard-Dioplóma san Oideachas (Pas). |
| **Teastas Iarchéime san Oideachas de chuid na Ríochta Aontaithe (PGCE)** nó a chomhionann (nach mór a bheith aitheanta le haghaidh teagaisc Iar-bhunscoile) | De ghnáth tuilleann PGCEanna a fuarthas i Sasana, sa Bhreatain Bheag, in Albain, i dTuaisceart Éireann Liúntas pas don Ard-Diop. mar nach bhfuil siad rangaithe agus nach ndéantar iad a bhronnadh ach amháin ar bhonn pas/teipe.<br><br>Chun iarratas a dhéanamh ar Liúntas onóracha don Ard-Diop., is gá ráiteas a chur ar fáil "go mbeadh an dámhachtain dá ndéanfaí í a bhronnadh ar bhonn céatadáin, coibhéiseach le meán de 55% nó níos airde ar an iomlán". Ba chóir go dtiocfadh an ráiteas seo ón gCláraitheoir, Ceannasaí na Roinne nó ó oifig na Scrúduithe. | |

[1] Cáilíocht Oideachas Múinteoirí Iar-bhunscoile Aitheanta (ó 12 bhliain go 18 mbliana d'aois).
[2] Aitheanta don Earnáil Iar-bhunscoile

## Aguisín 2 - Foirm Iarratais le haghaidh Íocaíocht an Liúntais do Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO)/Ard-Dioplóma san Oideachas (Ard-Diop. san Oid.) do mhúinteoirí iar-bhunscoile a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu agus atá cláraithe, atá ar an bpáscála roimh 2011

**FOIRM TSNA-QA2**

**TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL: Níor chóir iarratas ar íocaíocht an liúntais seo a dhéanamh ach amháin má chomhlíonann tú na critéir iomlána atá leagtha amach sa Chiorclán seo. Is foirm í seo ina bhfuil dhá leathanach. Déan cinnte de le do thoil go ndéanann tú na leathanaigh uile a chomhlánú ina n-iomláine. Cuirfear iarratais neamhchríochnaithe ar ais go dtí an seoltóir.**

| **Sonraí Pearsanta** | |
|---|---|
| Ainm Iomlán: | |
| Seoladh Poist: | |
| Éirchód: | |
| Uimhir Theagmhála Fóin: | |
| Seoladh R-phoist: | |
| Uimhir Párolla (de réir an duillín pá): | |
| Uimhir PSP: | |
| Uimh. Chláraithe na Comhairle Múinteoireachta: | |
| Dáta Cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta: (LL/MM/BBBB) | |
| Dáta a fostaíodh tú den chéad uair mar mhúinteoir* (LL/MM/BBBB) | |
| Dáta a bhí tú cáilithe den chéad uair le hobair mar mhúinteoir** (LL/MM/BBBB) | |
| ** i gcumas neamhcháilithe san Earnáil Phoiblí (i.e. íoctha ó chistí poiblí)*<br>*** i gcumas cáilithe agus/nó cláraithe (de réir mar is cuí) san Earnáil Phoiblí (i.e. íoctha ó chistí poiblí)* | |
| **Sonraí an Fhostóra** | |
| Ainm agus Seoladh na Scoile: | |
| Uimhir Rolla na Scoile: | |

| **Sonraí Cáilíochta an Liúntais don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) / Ard-Dioplóma san Oideachas (Ard-Diop. san Oid.)** | |
|---|---|
| Teideal na Cáilíochta: | |
| An Grád a Baineadh Amach: | |
| An Foras Dámhachtana: | |
| Dáta Tosaigh na Dámhachtana *: (LL/MM/BBBB) | |
| Dáta na Dámhachtan**: (LL/MM/BBBB) | |
| **An dáta a thosaigh an cúrsa staidéir.*<br>***An dáta ar an tras-scríbhinn.* | |

**Seicliosta lena chur i gcrích**

1. Tá fótachóip iomlán iniata agam de mo phár MGO / Céime /ard-dioplóma (i.e. an pár a bhaineann leis an liúntas don Ard-Diop. san Oid. / MGO atá á éileamh).
2. Tá mo cháilíocht rangaithe i.e. bronnta le honóracha den chéad ghrád/den dara grád/den tríú grád nó le gráid pas.
3. Tá an bunráiteas de na torthaí/den tras-scríbhinn iniata agam ón údarás dámhachtana ina ndeimhnítear an rangú (Onóracha den chéad ghrád/den dara grád/den tríú grád nó Pas). Tabhair faoi deara le do thoil: ní leor asphrionta nó fótachóip ríomhaire. Cuirfear do ráiteas de na torthaí/den tras-scríbhinn ar ais chugat sa phost.

Tabhair faoi deara le do thoil: De ghnáth tuilleann PGCEanna a baineadh amach i Sasana, sa Bhreatain Bheag, in Albain, i dTuaisceart Éireann Liúntas pas do Ard-Diop. mar nach bhfuil siad rangaithe agus nach ndéatar iad a bhronnadh ach amháin ar bhonn pas/teipe. Chun iarratas a dhéanamh ar Liúntas onóracha don Ard-Diop., is gá ráiteas a chur ar fáil “go mbeadh an dámhachtain dá ndéanfaí í a bhronnadh ar bhonn céatadáin, coibhéiseach le meán de 55% nó níos airde ar an iomlán”. Ba chóir go dtiocfadh an ráiteas seo ón gCláraitheoir, Ceannasaí na Roinne nó ó oifig na Scrúduithe

**Dearbhú agus Síniú**

**Dearbhím go bhfuil an t-eolas a thug mé ar an bhfoirm seo cruinn agus ina iomláine. Tuigim má tá aon chuid den eolas a chuirim ar fáil míchruinn nó míthreorach, nó má theipim orm aon eolas ábhartha a nochtadh, beidh orm aon íocaíocht a fhaighim ón Roinn Oideachais nó ó Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) a aisíoc agus go bhféadfaí mé a chúiseamh. Tuigim go bhféadfadh an Roinn Oideachais/BOO an t-eolas a chuir mé ar fáil a dheimhniú leis an institiúid dámhachtana.**

| | |
|---|---|
| **Síniú an Iarratasóra:** | |
| **Dáta:** | |

**Cosaint Sonraí:** Caithfidh an Roinn Oideachais leis na sonraí pearsanta uile a chuireann tú ar fáil ar an bhfoirm seo mar shonraí faoi rún agus bainfear úsáid astu díreach chun na críche a ceapadh dóibh. Ní bheifear in ann an t-eolas a nochtadh ach amháin de réir mar atá ceadaithe de réir dlí nó chun na críocha atá liostaithe i gclárú na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) - TAG 10764/A. Má tá an t-eolas a chuir tú ar fáil le bheith in úsáid chun críche seachas a bhí leagtha amach i gclárú na Roinne leis an CCS, lorgófar do chead.

Cuir ar ais le do thoil chuig: Téarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/CRS,
Liúntas don Ard-Diop. Iar-bhunscoile san Oideachas/MGO,
An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí, N37 X659.

I gcás na Múinteoirí atá fostaithe sna Boird Oideachais agus Oiliúna, cuir an fhoirm seo ar ais go dtí an Rannóg AD den BOO ábhartha.